



SRAITH STRAITÉISÍ DON CHOMHIONANNAS INSCNE I NGNÍOMH

100 tionscnamh ag comhpháirtithe sóisialta agus san áit
oibre ó cheann ceann na hEorpa



CÉN FÁTH?

Geallann na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha – ETUC¹, BUSINESSEUROPE, UEAPME agus CEEP – cur leis an gcomhionannas inscne sa mhargadh saothair agus san áit oibre agus tá ról tábhachtach acu san obair seo.

Bunphrionsabal ar ar tógadh an tAontas Eorpach is ea an comhionannas idir mná agus fir. Leis na blianta, tá an reachtaíocht um chaitheamh comhionann tagtha chun bheith ina chreat dlíthiúil comhtháite. Sin é an bunús le mná agus fir a bheith rannpháirteach ar shlí chomhionann i ngeilleagair agus i sochaithe na hEorpa.

Ar an mbonn sin, tá dul chun cinn suntasach déanta i leith comhionannas inscne ó cheann ceann na hEorpa, agus tá ról dearfach glactha ag an AE san obair sin.

Ach d'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh leis na deicheckanna de bhlianta anuas, bhí ráta fostaíochta na mban faoi bhun 60% i bhformhór tíortha AE i gcomparáid le 75% d'fhir in 2012.

Tá sé sin i bhfad ón sprioc fostaíochta de 75% atá i Straitéis Eoraip 2020. Linn buanna tábhachtacha é seo nár baineadh leas as, agus luacháil faoina meas ar chumas na mban, lena n-áirítear tábhacht na mban mar fhoinsé nuálaíochta. Is ionann é agus deiseanna nár tapaíodh d'fhiontair agus don fhás eacnamaíoch.

An dúshlán ná mná a spreagadh chun teacht chun bheith ina mbaill ghníomhacha den mhargadh saothair nó a bheith gníomhach ann i gcónaí, agus chun dul chun cinn. Ní féidir é sin a bhaint amach ach le cur chuige comhtháite, ina mbeidh bearta chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn agus bearta chun caitheamh cothrom ag an obair araon, mar aon le bearta chun gur féidir le fir agus mná freagrachtaí gairmiúla agus freagrachtaí teaghligh araon a chomhlíonadh.


In 2005, shíníomar Creat Gníomhaíochtaí um Chomhionannas Inscne. Uirlis dírithe ar ghníomhaíocht is ea é sin, a chuireann comh-ardán ar fáil do ghníomhaíochtaí a chuirfeadh comhionannas inscne chun cinn i measc na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta.

Inár gclár oibre 2012-14, d'aontaíomar go bhfuil gá le beart eile chun díriú ar na neamhionannais idir mná agus fir, agus an bhearna phá inscne san áireamh. Ag an am céanna, d'aithníomar go bhfuil ciall agus práinn fós leis na ceithre thosaíocht a d'aithníomar i dteannta a chéile inár gcreat gníomhaíochtaí 2005. Sin é an tslí ar tháinig an tsraith straitéisí seo chun cinn.

Is é is cuspóir leis eolas agus tuiscint a chur ar fáil ar thionscnaimh de chuid ár mbaill san ionad oibre nó ina n-aonar, tionscnaimh ar éirigh leo, trí thógáil ar na torthaí a baineadh amach de thoradh an Chreata Gníomhaíochtaí um Chomhionannas Inscne. Ceapadh an tsraith straitéisí chun bearta éifeachtach a chur á ndearadh, á n-idirbheartú agus á scaipeadh i bhfiontair agus i dtimpeallachtaí oibre éagsúla.

Ach díriú go sainráite ar chomhionannas inscne trí bhearta na gcomhpháirtithe sóisialta, ar leibhéal chuí, agus ar aon dul le cleachtas náisiúnta caidreamh tionsclaíoch, amhail idirphlé sóisialta, comhchaibidlíocht, comhráitis, moltaí, tionscadail, agus mar sin de, rannchuideofar leis an sprioc dheiridh, is é sin, comhionannas inscne a bhaint amach a luaithe is féidir.

¹ agus an coiste idirchaidrimh Eurocadres/CEC



CÉARD É FÉIN?

100 DEACHLEACH-
TAS

25 TÍR
EORPACH

4 THOSAÍOCHT UM
CHOMHIONANNAS
INSCNE

Áis ilfhreastail ar líne ina gcuirfí chun cinn raon leathan cleachtas ar cuireadh tús leo san ionad oibre nó ar chuir na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta tús leo. Tá an tsraith straitéisí nasctha le ceithre cinn de thosaíochtaí idirnasctha an Chreata Gníomhaíochtaí:





Liostaítear sa tsraith straitéisí líon mór tionscnamh dea-chleachtas, a mheastar ó gach taobh, i 25 cinn de thíortha Eorpacha difriúla, ó gach cineál earnála – fiontair mhóra, micrifiontair, agus fiontair idir eatarthu – ó na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta ar fad, bunaithe ar ghníomhaíochtaí aontaobhacha, déthaobhacha agus trí-thaobhacha. Tá aitheantas áitiúil nó náisiúnta bainte amach ag a bhformhór as comhionannas inscne a chothú.



PRÍOMHFHIGIÚIRÍ

TIONSCNAIMH DE RÉIR TOSAÍOCHTA*


**D'fhéadfadh tosaíochtaí difriúla a bheith san áireamh sna cásanna.*



TIONSCNAIMH DE RÉIR CHINEÁL AN CHOMHAONTAITHE



Tionscnamh aontaobhach
fostóra/ceardchumainn



Comhaontuithe
déthaobhacha




Comhaontuithe
trí-thaobhacha

TIONSCNAIMH DE RÉIR TÍRE

An Bheilg	7	An Fhrainc	6	An Ostair	9	An Tuirc	2
An Bhulgáir	2	An Ghearmáin	12	An Phortaingéil	1	An Ungáir	1
An Chipir	4	An Ghréig	2	An Ríocht Aontaithe	6	Éire	4
An Chróit	1	An Iodáil	10	An Rómáin	1	Poblacht na Seice	1
An Danmhairg	4	An Iorua	1	An Spáinn	6		
An Eilvéis	1	An Ísiltír	2	An tSlóivéin	3	An Eoraip	6
An Fhionlainn	1	An Laitvia	2	An tSualainn	5	IOMLÁN	100

CÉ DÓIBH IAD?

Comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus Eorpacha, bainisteoirí acmhainní daonna, cleachtóirí agus saineolaithe i gcúrsaí comhionannas inscne, rialtais, lucht déanta beartais, institiúidí poiblí, ionadaithe lucht saothair, ceardchumainn agus eagraíochtaí gairmiúla.



CONAS A ÚSÁIDTEAR Í?

Ar fáil ar líne trí Ionad Acmhainní na bhFostóirí agus Ionad Acmhainne ETU.

WWW.ERC-ONLINE.EU/GENDERTOOLKIT

WWW.RESOURCECENTRE.ETUC.ORG/GENDERTOOLKIT

Cuardaigh de réir roghanna roghnúcháin difriúla: tosaíocht, tír, earnáil ghníomhaíochta, cineál na heagraíochta agus méid. Íoslódáil gach cleachtas agus bain leas as.